Scéim rothar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlé ar scéim rothar poiblí a bhunú i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis na focail Bhéarla thíos.

1. a campaign has started	*a. d'admhaigh sé*
2. city (big)	*b. meastar*
3. it is thought	*c. Aire Sóisearach*
4. little need	*d. ní dócha go dtarlódh sé*
5. Junior Minister	*e. tá tús curtha le feachtas*
6. suitable	*f. ó thaobh turasóireachta*
7. he admitted	*g. ardchathair*
8. from a touristic point of view	*h. poitéinseal*
9. potential	*i. oiriúnach*
10. it's not likely to happen	*j. is beag éileamh*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2 Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.
Cad é brí na míre in aon abairt amháin?

Ceist 3 (a) Anois féach ar an mhír den dara huair agus breac síos pointe amháin eolais faoi na nithe seo a leanas:

Scéim rothar poiblí

_____

Cnoc Phádraig

_____

Alan Kelly

_____

Halla na Cathrach

_____

Infheistíocht phríobháideach

_____

(b) Cad a bhí le rá ag an bheirt chainteoirí?

Darren McAdam O'Connell agus *Gerry Murphy*

Ceist 4 '*curtha*'

(a) Cén ghné den ghramadach é seo?
(b) Breac síos an ghné chéanna de na briathra seo thíos agus cuir na focail nua in abairtí chun a mbrí a léiriú. Tá sampla tugtha.

***Déan – déanta**: Caithfidh an obair a bheith déanta agaibh roimh dheireadh na seachtaine.*

1. glan
2. cuir
3. caith
4. tóg
5. ceannaigh
6. foghlaim
7. bris
8. léigh
9. scríobh
10. pléigh

Ceist 5 (a) Éist leis an mhír arís agus breac síos na focail / frásaí inti a bhfuil malairt brí acu leis na focail / frásaí thíos:

deireadh: _____
níos lú ná: _____
éadóchasach: _____
go holc: _____
mí-oiriúnach: _____
mírialta: _____

(b) An féidir leat smaoineamh ar fhocail eile a thosaíonn le 'mí'? Cad iad? Déan plé leis an duine in aice leat ar na hathruithe a thagann ar fhocail nuair a chuirtear 'mí' leo.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na buntáistí a bhaineann le scéim rothar mar seo i gcathracha móra, dar leat?
An síleann tú go n-éireodh lena leithéid de scéim i gCathair Chorcaí?
An bhfuil rothar agat féin agus an gcaitheann tú clogad? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1 agus Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
e	**g**	**b**	**j**	**c**	**i**	**a**	**f**	**h**	**d**

Iarr ar gach beirt abairt a scríobh ar ábhar na míre.

Ceist 3
Scéim rothar poiblí

- Feachtas ar bun chun scéim a bhunú i gCorcaigh
- Meastar go bhféadfaí breis agus dhá chéad rothar a chur ar fáil ar chostas seacht milliún euro.

Cnoc Phádraig

- Más ar Chnoc Phádraig atá cónaí ort i gCathair Chorcaí is beag éileamh a bheidh agat ar rothar.

Alan Kelly

- Is Aire Sóisearach é.
- Bhí sé sa chathair chun siompóisiam ar scéim na rothar a sheoladh i Halla na Cathrach.
- Cé go raibh sé dóchasach go mbeadh Cathair Chorcaí i gcoitinne oiriúnach do scéim rothar mar atá acu i mBaile Átha Cliath, d'admhaigh sé nach dtarlódh sé gan infheistíocht phríobháideach.

Halla na Cathrach

- Bhí Alan Kelly sa chathair chun siompóisiam ar scéim na rothar a sheoladh i Halla na Cathrach.

Infheistíocht phríobháideach

- Mura dtiocfar ar infheistíocht phríobháideach le cur le hairgead stáit ní dócha go dtarlódh an scéim rothar.

Ceist 4
(a) Is é an aidiacht bhriathartha atá ann.
(b)

glan – glanta
cuir – curtha
caith – caite
tóg – tógtha
ceannaigh – ceannaithe
foghlaim – foghlamtha
bris – briste
léigh – léite
scríobh – scríofa
pléigh – pléite

Ceist 5

(a) deireadh:	*tús*
níos lú ná:	*breis is*
éadóchasach:	*dóchasach*
go holc:	*go breá / go maith*
mí-oiriúnach:	*oiriúnach*
mírialta:	*rialta*

(b) Leanann séimhiú ‘mí’ agus ní bhíonn fleiscín i gceist más consan é – mífhortúnach / míchothrom / míchumasach / míshásta. Bíonn fleiscín ann idir ‘mí’ agus guta – mí-ionraic / mí-ómós / mí-amhras.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Caoimhe Ní Chonchoille
Tá tús curtha le feachtas le scéim rothar poiblí a bhunú i gCathair Chorcaí, mar atá san ardchathair le trí bliana anuas. Meastar go bhféadfaí breis agus dhá chéad rothar a chur ar fáil ar chostas seacht milliún euro.

Barraí Mescall
Más ar Chnoc Phádraig atá cónaí ort i gCathair Chorcaí is beag éileamh a bheidh agat ar rothar ann, ach bhí an tAire Sóisearach sa Roinn Iompair, Alan Kelly, faoin gcathair inniu chun siompóisiam ar an ábhar a sheoladh i Halla na Cathrach. Agus cé go raibh sé dóchasach go mbeadh Cathair Chorcaí i gcoitinne oiriúnach do scéim rothar mar atá acu i mBaile Átha Cliath, d'admhaigh sé nach dtarlódh sé gan infheistíocht phríobháideach.

Mar aon le lucht eagraithe an tsiompóisiam bhí daoine a bhíonn gníomhach i gcúrsaí rothaíochta go rialta sa chathair.

Darren McAdam O'Connell, Feachtas Rothaíochta Chorcaí
D'éirigh go breá leis an scéim i mBaile Átha Cliath[i] ach tá scéim feicthe agamsa i mbaile beag sa Spáinn, baile cosúil le Corcaigh agus bheinn dóchasach go n-oibreoidh* scéim i gCorcaigh, sa deisceart go háirithe.

Gerry Murphy, An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Ceapaim go n-éireoidh* go maith le scéim rothar i gCorcaigh. Em, bheadh sé go hiontach le haghaidh na cathrach[ii] ó thaobh turasóireachta agus ó thaobh tionscail. Agus freisin, bheadh íomhá iontach sa chathair de bharr na scéime.[iii]

Barraí Mescall
Cinnte tá poitéinseal ag áit mar Chorcaigh do scéim na rothar, go háirithe i ndeisceart na cathrach ach mura dtiocfar ar infheistíocht phríobháideach le cur le hairgead stáit ní dócha go dtarlódh sé. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí.

*Bheadh an modh coinníollach níos fearr sna cásanna sin.

[i] i *Bhaile Átha Cliath* a deirtear
[ii] *an chathair* a deirtear
[iii] *an scéim* a deirtear